# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2015

# LÉANN CLASAICEACH – ARDLEIBHÉAL

**(300 marc)**

Dé hAOINE, 12 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 5.00

- Tá ceisteanna ar **DHEICH dTOPAIC** ar an scrúdpháipéar seo.

- Tá na topaicí roinnte ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

  Grúpa I : Na Topaicí 1 go 4.
  Grúpa II : Na Topaicí 5 go 7.
  Grúpa III : Na Topaicí 8 go 10.

- Ní mór do na hiarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **CHEITHRE THOPAIC**, mar seo a leanas: Is gá topaic amháin a roghnú as *gach* ceann de na trí ghrúpa agus is féidir an *ceathrú* topaic a roghnú as *ceann ar bith* de na trí ghrúpa.

- Ní mór do na hiarrthóirí **SÉ CHEIST** a freagairt mar a leanas as na **CEITHRE** thopaic a roghnaíonn siad:

  Ní mór do na hiarrthóirí **dhá** cheist a fhreagairt as dhá cheann de na topaicí a roghnaíonn siad agus ceist **amháin** as **gach** ceann den dá thopaic eile a roghnaíonn siad.

- Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist. Tá 300 marc san iomlán ag gabháil leis an bpáipéar.

- Na fótagraif atá ag teastáil chun na ceisteanna ar na Topaicí 8 agus 10 a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte **X,** a ghabhann leis an bpáipéar seo.

## GRÚPA I: Na Topaicí 1 go 4

**Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta**

(i) (a) Tabhair breac-chuntas ar na hargóintí a d'úsáid Archidamus, Rí Sparta, nuair a chuir sé comhairle ar a ghéillsinigh gan dul i mbun cogaidh leis an Aithin. (35)

(b) Cén fáth ar dhiúltaigh na Spartaigh do chomhairle a Rí? (15)

(ii) (a) Thit sé amach gur thubaiste í ceannaireacht Nicias ar an tSluaíocht chun na Sicile. Pléigh an ráiteas seo. (30)

(b) Déan comparáid idir ceannaireacht Nicias agus ceannaireacht Gylippus, an ginearál Spartach. (20)

(iii) (a) Déan cur síos ar chúrsa Chath Amfapoil in 422 RCh. (35)

(b) Cén tionchar a d'imir toradh an chatha ar chúrsa Chogadh na Peilipinéise? (15)

(iv) (a) Tabhair cuntas ar na heachtraí as ar tháinig Coup na nOlagarcach in 411 RCh. (35)

(b) Mínigh cén fáth ar theip ar an Olagarcacht tacaíocht mhuintir na hAithne a choinneáil. (15)

---

**Topaic 2. Alastar Mór.**

(i) Ón léamh atá déanta agat ar na téacsanna dualgais, pléigh an tionchar a d'imir Pilib, Oilimpias agus Arastatail ar Alastar. (50)

(ii) (a) Déan comparáid idir na hullmhúcháin a rinne Alastar agus na hullmhúcháin a rinne Dáirias roimh Chath Ghágaiméala. (15)

(b) Cén chaoi ar éirigh le hAlastar sa chath mar gheall ar a chuid oirbheartaíochta? (25)

(c) Cén toradh a lean den chath ar an gcéad ásc? (10)

(iii) (a) Ag abhainn an Hyphasis, cén fáth ar dhiúltaigh arm Alastair é a leanúint níos faide isteach san India? (20)

(b) Cén chaoi ar dhéileáil Alastar leis an gceannairc seo? (20)

(c) Cad a d'fhoghlaim tú ón eachtra seo faoin gcaidreamh a bhí ag Alastar lena chuid fear? (10)

(iv) "Is follas gur éirigh a charachtar agus a ghiúmar níos measa fad is a chuaigh a chumhacht i méid." (Plútarc) Ón léamh atá déanta agat ar Airrianas agus ar Phlútarc, pléigh an tuairim seo faoi Alastar agus bíodh tagairt agat don tréimhse ó Chath Ghágaiméala in 331 RCh go dtí aimsir a bháis in 323 RCh. (50)

---

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.**

(i) (a) Ón leamh atá déanta agat ar scríbhinní Shallaistias ar do chúrsa, cén dearcadh a bhí aige ar an Róimh ina aimsir féin? (20)

(b) Cad air a leagann Sallaistias an milleán faoin athrú ó 'na laethanta órga'? (30)

(ii) Thuill Poimpéas an teideal 'Poimpéas Mór'. Pléigh an ráiteas seo agus tabhair cúiseanna le do fhreagra. (50)

(iii) Rinneadh Iúil Caesar a fheallmharú ar Íodh Márta, 44 RCh.

(a) Cad iad na cúiseanna ar shocraigh Brútas agus a lucht comhcheilge Caesar a fheallmharú? (20)

(b) Déan cur síos ar ar tharla sa Róimh ón am a rinneadh an feallmharú go dtí gur imigh lucht na comhcheilge chuig an oirthear. (30)

(iv) In 51 RCh, scríobh Cicearó litir chuig Attacas faoina dheartháir, Quintus, agus faoi Pomponia, bean chéile Quintus.

(a) Tabhair breac-chuntas ar a raibh sa litir. (30)

(b) Cad a nochtann an litir seo faoin gcaidreamh idir Cicearó agus Quintus? (10)

(c) Cé is mó a bhfuil bá agat leis nó léi, Quintus nó Pomponia? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (10)

---

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.**

(i) Tá cur síos ag Tacatas ina *Annála* ar conas a pléigh fir réimeas Ágastas i ndiaidh a shochraide.

(a) Déan achoimre ar na tuairimí a cuireadh in iúl ar son an Impire a fuair bás le déanaí, agus na tuairimí ina aghaidh. (35)

(b) An dóigh leat gur thug Tacatas cothrom na Féinne d'Ágastas ina chuntas ar an díospóireacht seo? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(ii) Agus na fíricí á gcur i láthair aige, déanann Tacatas léamh orthu ar bhealach a cháineann Tibir gach uair a fhaigheann sé deis. Déan trácht ar an dearcadh seo agus bíodh tagairt agat don téacs dualgais mar thacaíocht le do phointí. (50)

(iii) Ainneoin gur measadh gur duine amaideach mí-éifeachtach é, fiú ag a mháthair féin, chruthaigh Cláidias ina Impire maith cumasach.
Pléigh an ráiteas seo agus bíodh tagairt agat do bheathaisnéis Chláidias le Séatóinias mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

(iv) (a) Tabhair cuntas ar an tóir a bhí ag Néaró ar chúrsaí ealaíne. (30)

(b) Cén chaoi, dar leat, ar imir rannpháirtíocht Néaró i léirithe poiblí tionchar ar a ról mar Impire? (10)

(c) Cén léargas a fhaighimid ar charachtar Néaró ón gcaoi ina bhfuair sé bás? (10)

---

## GRÚPA II: Na Topaicí 5 go 7

**Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.**

(i) Cé go léirítear Diníseas mar phearsa áiféiseach, tá misean lándáiríre idir lámha aige. Pléigh an ráiteas seo i leith an dráma *Froganna* le hArastafainéas. (50)

(ii) Is téama lárnach í an tuismitheoireacht sa dráma *Méidé* le hEoiripidéas. Pléigh an ráiteas seo agus bíodh tagairt agat don dráma mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

(iii) In *Proiméitéas Faoi Chuibhreach* le h Aescaileas, deir Oceanus le Proiméitéas, "Is stuama i bhfad an chomhairle a chuireann tú ar dhaoine eile ná ort féin". Pléigh an dearcadh seo ar Phroiméitéas agus bíodh tagairt agat don dráma mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

(iv) Ón léamh atá déanta agat ar *Éideapús Rí* le Sofaicléas, pléigh an dearcadh gur carachtar cróga é Éideapús cé go ndearna sé "coireanna a bhí rómhór don chroch". (50)

---

**Topaic 6. An Epic Ársa.**

(i) Déan comparáid agus codarsnacht idir carachtar Fheardia sa *Táin* agus carachtar Turnus san *Aeinéid*. (50)

(ii) Pléigh an dearcadh gur téamaí lárnacha iad an grá agus an chóir san *Odaisé* le Hóiméar. Bíodh tagairt agat don *Odaisé* mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

(iii) (a) Tabhair breac-chuntas ar ról Véineas san *Aeinéid* le Veirgil. (35)

(b) Ar chabhraigh idirghabhálacha Veinéas le hAeinéas i gcónaí, dar leat? Mínigh do fhreagra agus tú ag tagairt don *Aeinéid.* (15)

(iv) Taispeánann Odaiséas na cáilíochtaí ar fad a bhaineann le laoch mór gníomhartha san *Odaisé* le Hóiméar. Pléigh an dearcadh seo agus bíodh tagairt agat don téacs mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

---

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.**

(i) (a) Tabhair breac-chuntas ar na príomhthéamaí a bpléann Óivid leo sna dánta dualgais ar do chúrsa. (30)

(b) Cé acu ceann de na dánta dualgais le hÓivid is fearr leat? Tabhair cúiseanna le do rogha. (20)

(ii) "Beimid i gcónaí ag troid le céile, sin nó beidh mise in iomaíocht le daoine eile fút: ní shásóidh tú go brách mé a fhad is a bheidh tú faoi shíocháin." (Proipeirtias) Cé chomh mór is atá an ráiteas seo ina léiriú fírinneach ar chaidreamh Phroipeirtias le Cynthia? Bíodh tagairt agat do na dánta ar do chúrsa i do fhreagra. (50)

(iii) Leagann Livias béim ar shuáilcí an mhisnigh agus an tírghrá.
Pléigh an ráiteas seo, agus bíodh tagairt agat do na sleachta dualgais as *Startha* Livias mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

(iv) (a) Mínigh conas mar a fheicimid an taobh spraíúil de scríbhneoireacht Veirgil ina *Amhrán Silenus.* (15)

(b) Ceann de na pléisiúir mhóra a bhaineann le filíocht Veirgil is ea a ghrá don dúlra.
Pléigh an dearcadh seo agus bíodh tagairt agat do na dánta ar do chúrsa. (35)

---

## GRÚPA III: Na Topaicí 8 go 10

**Topaic 8. An Ealaín agus an Ailtireacht i Sochaí na Gréige.**

(i) Léiríonn **Fótagraf A** ar **Pháipéar X** teampall cáiliúil.

(a) Ainmnigh an teampall seo agus abair cá bhfuil sé suite. (10)

(b) Cén t-ord den ailtireacht Ghréagach lena mbaineann an teampall seo? (5)

(c) Déan cur síos ar na hábhair a úsáideadh chun é a thógáil. (5)

(d) Déan mionchur síos ar an teampall seo agus bain úsáid as na téarmaí cearta ailtireachta. (30)

(ii) Déan staidéar ar **Fhótagraf B** ar **Pháipéar X**.

(a) Ainmnigh an cineál vása san fhótagraf agus abair cén úsáid a baineadh as. (10)

(b) Cén t-ionad potaireachta ina ndearnadh é? (10)

(c) Tabhair cuntas ar mhaisiú an vása. (30)

(iii) Féach ar **Fhótagraf C** ar **Pháipéar X**.

(a) Cén cineál deilbhe é seo agus cén tréimhse lena mbaineann sé? (10)

(b) Cad iad na gnéithe den dealbh atá ina n-eiseamláirí tipiciúla den tréimhse seo? (30)

(c) Deir Richter, "go dtaispeánann an dealbh seo an chuid is fearr den stílíocht agus den nádúrachas le chéile". Mínigh an ráiteas seo. (10)

(iv) Féach ar **Fhótagraf D** ar **Pháipéar X**.

(a) Ainmnigh an dealbh seo agus abair cá háit a ndearnadh í. (10)

(b) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann sí? (5)

(c) Cad iad na gnéithe den dealbhóireacht atá ina n-eiseamláirí tipiciúla den tréimhse seo? (35)

---

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.**

(i) "Dealraíonn sé gurb é ár bpríomhghnó é maoirseacht a dhéanamh ar tháirgeadh na scéalta agus gan ach na cinn a cheapaimidne atá oiriúnach a roghnú agus diúltú do na cinn eile." (*An Phoblacht* le Platón)

(a) Cad iad na scéalta a roghnaíonn Platón agus cad iad na scéalta a ndiúltaíonn sé dóibh? (15)

(b) Cén chaoi a gcosnaíonn Platón a rogha agus an diúltú a dhéanann sé? (25)

(c) An aontaíonn tú le dearcadh Phlatón ar an ábhar seo? Mínigh do fhreagra. (10)

(ii) (a) Tabhair breac-chuntas ar argóintí Phlatón ar son caitheamh go cothrom le fir agus le mná ina stát idéalach. (25)

(b) An dóigh le Platón go bhfuil fir agus mná cothrom ar gach bealach? Mínigh do fhreagra. (15)

(c) An aontaíonn tú le tuairimí Phlatón ar fhir agus ar mhná? Mínigh do fhreagra. (10)

(iii) Pléigh an chaoi ar theip ar Dhíón a iompar a mhúnlú ar theagasc Phlatón in ainneoin a dhílseachta don fhealsamh. Bíodh tagairt agat do *Beatha Dhíón* le Plútarc mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

(iv) (a) Cén chaoi ar mhol Sócraitéas Rialtóirí agus Cúntóirí a roghnú dá stát idéalach in *An Phoblacht* le Platón? (25)

(b) An dóigh leat go bhféadfadh an cineál saoil a mholann sé dóibh oibriú amach sa saol réalaíoch? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (25)

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.**

(i) Léiríonn **Fótagraf E** ar **Pháipéar X** plean d'Aosta (Augusta Praetoiria), cathair sa Ghaill Rómhánach.

(a) Ainmnigh na gnéithe a léirítear ag ***a***, ***d***, ***e***, ***ff*** agus ***gg***. (15)

(b) Cén cineál baile a bhí in Aosta agus cad ba chúis lena shuíomh? (15)

(c) Cad is féidir leat a rá faoi shaol na saoránach in Aosta ó staidéar a dhéanamh ar an ar an bplean? (20)

(ii) Léiríonn **Fótagraf F** ar **Pháipéar X** rilíf ó Áirse Thíteas sa Róimh.

(a) Cén eachtra thábhachtach stairiúil atá á comóradh sa rilíf seo? (10)

(b) Agus é ag cur síos ar an bpainéal seo scríobhann Wheeler: "Tá iarracht neamhiomlán ar an bpeirspictíocht déanta ag an dealbhóir anseo agus tá leid den phróifíl lántosaigh ann." Déan trácht ar an dearcadh seo. (20)

(c) Cad iad na bealaí ina bhfuil an dealbhóireacht seo difriúil leis an Ara Pacis a rinneadh níos luaithe? (20)

(iii) Léiríonn **Fótagraf G** ar **Pháipéar X** mósáic as Poimpé.

(a) Cén cath a léirítear sa mhósáic seo agus cé hiad an bheirt phríomhcharachtar? (15)

(b) Cén chaoi ar chuir an t-ealaíontóir na pearsantachtaí agus drámaíocht an chatha in iúl sa mhósáic? (25)

(c) Cén chaoi a ndéanfaí mósáic dá leithéid seo? (10)

(iv) Léiríonn **Fótagraf H** ar **Pháipéar X** an amharclann Rómhánach in Aspendos san Áise Bheag.

(a) Déan mionchur síos ar an amharclann seo. (25)

(b) Cén chaoi a leanann an amharclann seo "claonadh na Rómhánach i leith an taobh istigh a bheith faoi iamh"? (15)

(c) Déan cur síos ar dhifríocht amháin idir na hamharclanna Rómhánacha agus na hamharclanna Gréagacha (seachas an claonadh i leith an taobh istigh a bheith faoi iamh). (10)

---

Leathanach Bán

Leathanach Bán